# Cód Cleachtais



## Cód Cleachtais idir Líonraí BSL & an tAire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitúil

ESB Networks

Comhshaol, Oidhreacht agus Rialtas Áitiúil

**Environment, Heritage and Local Government**

An tSeirbhís Séadchomharthaí Náisiúnta
Roinn Comhshaoil, Oidhreachta
agus Rialtais Áitiúil

Ríomhphost: nationalmonuments@environ.ie
www.archaeology.ie



## Réamhrá an Aire

Fáiltímse, mar an tAire le cúram orm as ár n-oidhreacht thógtha agus nádúrtha, roimh an gCód Cleachtais seo idir mo Roinnse agus Líonraí BSL.


Is acmhainn éigse agus léinn iad na fosuithe seandálaíochta, agus sonraí á dtabhairt acu dúinn ar féidir linn léargas a fháil ar an stair uathu ach iad a láimhsiú agus a léirmhíniú go cúramach. Is sócmhainn náisiúnta í ár n-oidhreacht seandálaíochta, agus tá dualgas orainn go léir í a chosaint. De réir mar a ghintear sonraí agus léirmhíniú seandálaíochta is amhlaidh atá dualgas orainne dá bharr chun an t-eolas sin a scaipeadh.

Táimse cinnte dearfa de gur féidir cúram agus bainistiú ár n-oidhreachta a fheabhsú go mór trí Chóid Chleachtais arna gcomhaontú idir mo Roinnse agus na heagraíochtaí siúd atá lárnach d'fhorbairt ár mbonneagair. Déantar foirmiúlú rathúil leis na Cóid sin ar na comhpháirtíochtaí atá de dhíth chun forbairt leanúnach a bhainistiú, agus an cúram agus an chosaint a theastaíonn ónár n-oidhreacht seandálaíochta luachmhar a thabhairt di.

Bhain mo Roinnse eispéireas fíordhearfach as bheith ag obair le Líonraí BSL chun comhaontú ar Chód Cleachtais, agus creidimse go mbainfear amach aidhmeanna an Chóid trí spiorad leanúnach na comhpháirtíochta agus na hiontaoibhe frithpháirtí. Táimse buíoch do thiomantas Líonraí BSL, trína nglacadh leis an gCód seo, don chaomhnú seandálaíochta agus don fhorbairt inbhuanaithe, ag féachaint d'éilimh ár n-oidhreachta seandálaíochta saibhre.



John Gormley T.D.,
An tAire Comhshaoil,
Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil,
Aibreán 2009.



## Réamhrá Líonraí BSL

Is cúis áthais do Líonraí BSL a bheith páirteach le Cód Cleachtais na Roinne Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil, a léiríonn na prionsabail a chuirfear i bhfeidhm ar mhaithe le hoidhreacht seandálaíochta na hÉireann a chosaint, arna fhorbairt i gcomhar leis an tSeirbhís Séadchomharthaí Náisiúnta.

Is é Líonraí BSL Oibreoir an Chórais Dáilte in Éirinn chomh maith le bheith mar Úinéir na Sócmhainne Tarchurtha i gcomhair an chórais tarchurtha ardvoltais in Éirinn. Is é Líonraí BSL, mar Oibreoir an Chórais Dáilte, atá freagrach faoi Rialachán 22 de I.R. 445 den bhliain 2000 as pleanáil, dearadh, forbairt, cothabháil agus feidhmiú córais dáilte atá sábháilte, slán, eacnamúil agus éifeachtúil. Is é Líonraí BSL, mar Úinéir na Sócmhainne Tarchurtha, atá freagrach as tógáil agus cothabháil an chórais tarchurtha féin.

Cuimsíonn Córas Líonraí BSL 4500 km de línte agus cháblaí fothalún 110kV, 6200 km de línte agus cháblaí 38kV, 87,500 km de línte agus cháblaí meánvoltais agus 65000 km de línte agus cháblaí ísealvoltais agus 561 stáisiún dáilte. Baintear leas as ardvoltais chun cailliúintí cumhachta a chosc, cailliúintí a tharlódh murach na hardvoltais nuair a bheifí ag aistriú cumhachta thar achair fhada ar chóras voltais ní b’ísle.

Táthar i mbun oibre nach beag chun na líonraí tarchurtha agus dáilte araon a fhorbairt agus a uasghrádú. Tá tógáil línte agus stáisiún dáilte nua, uasrátáil agus athchóiriú líne in éineacht le suiteáil gaireas freasaitheach i gceist leis an obair seo. Déantar

foráil sa chlár infheistíochta d'fhás san éileamh ar leictreachas le blianta beaga anuas agus don fhás atá tuartha amach anseo.

Léirítear leis an gCód Cleachtais seo go bhfuil Líonraí BSL lántiomanta do chinntiú go ndéantar na forbairtí sin go léir ar bhealach inbhuanaithe agus atá íogair don chomhshaol, agus cosaint á thabhairt dár n-oidhreacht nádúrtha agus tógtha. Tá Líonraí BSL ag súil le bheith ag obair go dlúth leis an tSeirbhís Séadchomharthaí Náisiúnta i ndáil le cosaint a thabhairt dár n-oidhreacht, faoi mar a chomhaontaítear sa Chód seo.



John Shine,
Stiúrthóir Feidhmiúcháin,
Líonraí BSL.



## Cód Cleachtais arna aontú idir Líonraí an Bhoird Soláthair Leictreachais agus an tAire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil.

Is é cuspóir an Chóid seo ná creatlach a sholáthar laistigh den reachtaíocht, bheartas agus chleachtas atá ann le cur ar chumas Líonraí BSL dul ar aghaidh lena chlár oibre laistigh de chreatlach beartais an Rialtais, agus maolú seandálaíochta iomchuí a dhéanamh ag féachaint go cuí do thacar prionsabal agus gníomhartha arna gcomhaontú idir an dá pháirtí.

Faigheann an Cód treoir ó na prionsabail chomhaontaithe seo a leanas:

1. Is ar an Aire atá cúram as cosaint na hoidhreachta seandálaíochta agus as cumhachtaí caomhnaithe a chleachtadh de réir Achtanna na Séadchomharthaí Náisiúnta, 1930-2004, ag tógáil san áireamh an Coinbhinsiún Eorpach um Chosaint na hOidhreachta Seandálaíochta.



2. Tá Líonraí BSL freagrach as córas dáilte sábháilte, slán, eacnamúil agus éifeachtúil a

   a. *phleanáil, a dhearadh, a thógáil, a chothabháil agus a fheidhmiú agus*

   b. *as córas tarchurtha sábháilte, slán, eacnamúil agus éifeachtúil a thógáil agus a chothabháil.*

3. D'fhéadfadh impleachtaí seandálaíochta suntasacha a bheith i gceist lena leithéid de líonraí a fhorbairt, nach foláir aghaidh a thabhairt orthu toisc nach acmhainn in-athnuaite í an oidhreacht seandálaíochta.

4. Tabharfaidh Líonraí BSL maoiniú le haghaidh chur chuige cothrom agus costéifeachtach i leith an fhiosraithe, na tochailte agus an mhaolaithe seandálaíochta mar ghné lárnach de chostais tionscadail Líonraí BSL ar bhunús an phrionsabail gurb é *an forbróir a íocann* as agus ag cloí le beartas sonraithe an Aire ina leith sin.

5. Forbrófar straitéisí iomchuí chun tionchair dhíreacha ar an tseandálaíocht a íoslaghdú, ag tógáil san áireamh na himpleachtaí sábháilteachta agus dearaidh, tionchair chomhshaoil agus tionchair agus costais eile.

6. Glactar le cur chuige na comhpháirtíochta idir Líonraí BSL agus an tAire d'fhonn beartas an Rialtais a sheachadadh, ag tógáil na himpleachtaí don tseandálaíocht san áireamh.

7. Íoslaghdaíonn pleanáil le haghaidh maolaithe ag an tráth is luaithe an tionchar ar an oidhreacht seandálaíochta.

8. Beidh an tsirtheoireacht i gcomhair suíomhanna seandálaíochta agus iarsmaí eile dá leithéid seachas in imthosca eisceachtúla teoranta laistigh den atá limistéar i mbun forbartha.

9. Forchoimeádann gach páirtí an ceart chun cinntí a athbhreithniú.

10. Tá an dá pháirtí tiomanta do phlé le himpleachtaí seandálaíochta thionscadail tarchurtha agus dáilte ar bhealach cothrom, costéifeachtach a bheidh comhsheasmhach le:

    *a. Coinneáil le hamscála Líonraí BSL chun tionscadail a thabhairt ón bpleanáil tosaigh go dtí tús na tógála*

    *b. Comhlíonadh na dtionscadal laistigh den tráthchlár comhaontaithe*

    *c. Leibhéal tochailte agus taifeadta do shuíomhanna seandálaíochta dá ndéantar dochar leis na forbairtí líonra tarchurtha agus dáilte, ar inghlactha don Aire é.*

11. Féachfaidh Líonraí BSL, chomh fada agus is féidir, le suíomhanna seandálaíochta agus séadchomharthaí a sheachaint. I gcásanna nach féidir é seo a dhéanamh comhoibreoidh Líonraí BSL agus an tAire le chéile lena chinntiú, chomh fada agus is féidir, go ndéantar fiosrú seandálaíochta iomchuí le linn na tréimhse idir aithint an bhealaigh agus tosú na tógála.

12. Aontaíonn an dá pháirtí ar fhoireann a bhunú le monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú an Chóid Chleachtais agus le hathbhreithniú foirmiúil a dhéanamh laistigh de bhliain amháin óna ghlacadh agus ag eatraimh chomhaontaithe dá éis sin.

## Gníomhartha Comhaontaithe

### Déanfaidh Líonraí BSL:

1. Seandálaí tionscadail a cheapadh, nó a cheapachán a chinntiú, chun maoirsiú a dhéanamh ar dhea-reáchtáil na míreanna seandálaíochta de na hoibreacha molta do na scéimeanna BSL faoi réir Mheasúnú Tionchair Chomhshaoil (MTC) reachtúil. (Sainítear in **Aguisín I** ról an tseandálaí tionscadail; leagtar amach in **Aguisín II** an caidreamh idir an seandálaí tionscadail agus an seandálaí comhairleach).

2. Déanfaidh siad deimhin de gur ball d'fhoireann dearaidh an tionscadail é/í an seandálaí tionscadail. Beidh ionchur ag an seandálaí tionscadail mar bhall d'fhoireann dearaidh an tionscadail i bhforbairt an chláir agus na straitéise tógála / soláthair don tionscadal féin - lena n-áirítear forbairt dhoiciméid chonartha i ndáil le bainistiú na seandálaíochta.

3. Gach uile iarracht le linn phleanáil, tógáil agus chothabháil an líonra dáilte lasnairde chun tionchar díreach ar shuíomhanna seandálaíochta aitheanta nó limistéir bhunaithe de chumas seandálaíochta a chosc, agus de réir mar is indéanta, a chinntiú go lonnaítear na línte chun an tseandálaíocht a sheachaint go hiomlán.

4. Éileamh gurb é/í seandálaí a bhfuil seantaithí aige/aici a bheidh ag plé leis an bpróiseas de thionchar féideartha na dtograí ar an seandálaíocht a aithint.

5. Rachaidh siad i gcomhairle leis an Aire ar feadh an phróisis dearaidh.

6. Sa chás nach féidir é a sheachaint, tochailt agus taifeadadh ar gach séadchomhartha aitheanta, suíomh seandálaíochta agus codanna díobh a théann oibreacha tógála i bhfeidhm

orthu, de réir na modheolaíochtaí comhaontaithe agus dóthain ama a ligean don taifeadadh sin chun sástacht an Aire.

7. Fógra a thabhairt don Aire i leith aon séadchomhartha neamhaitheanta roimhe seo a nochtar le linn oibreacha. Tabharfaidh Líonraí BSL an obair ag an suíomh chun críche ach iarratas a fháil ón Aire ar mhaithe le breithniú aon chaomhnaithe éigeantaigh a chumasú.

8. An maoiniú riachtanach a sholáthar chun ceangaltais iar-thochailte an Aire a chomhlíonadh lena n-áirítear caomhnú ábhar seandálaíochta, soláthar anailísí eolaíochta agus dátú chomh maith le táirgeadh tuairiscí i leith gach saothair sheandálaíochta ar chaighdeán a shásóidh an tAire.



**Déanfaidh an tAire (tríd an tSeirbhís Séadchomharthaí Náisiúnta de chuid na Roinne Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil):**

1. Freagra tráthúil a thabhairt ar chomhairlí ón Seandálaí Tionscadail agus ón Seandálaí Comhairleach.

2. Critéir mheasúnaithe a aontú chun críocha suíomhanna agus limistéir le cumas seandálaíochta a aithint, lena múnlófar méid an fhiosraithe seandálaíochta a rachfar ina bhun.

3. Ceadúnais a eisiúint do thochailtí seandálaíochta laistigh de 3 seachtaine ó iarratas a fháil.

4. Ceadanna a eisiúint atá de dhíth faoi Alt 14 d'Acht na Séadchomharthaí Náisiúnta 1930 arna leasú ag Alt 5 d'Acht na Séadchomharthaí Náisiúnta (Leasú) 2004, laistigh de 6 seachtaine ó iarratas a fháil. (Tabhair faoi deara: Áirítear le hAlt 14 gach obair a théann i bhfeidhm ar shéadchomharthaí náisiúnta agus ní hamháin tochailtí seandálaíochta).

5. Clár iomchuí a chomhaontú leis an seandálaí tionscadail don mhaolú seandálaíochta agus/nó trinseáil tástála agus córas do thochailtí, lena n-áireofar amscálaí molta (le cur i bhfeidhm ag an seandálaí tionscadail faoi réir rialú foriomlán agus mhonatóireacht na Roinne).

6. Aontú gur leor stiúrthóir amháin chun suíomhanna a thochailt áit a mbeidh na suíomhanna i gceist mar chuid de chomhbhraisle suíomhanna scoite, comhtheagmhálach nó cóngarach go maith dá chéile ag féachaint go cuí do mholtaí an tseandálaí tionscadail.

7. An nós imeachta comhairliúcháin a fheidhmíonn Líonraí BSL a thapú le linn na roghanna bealaigh, agus optamú an phróisis don bhealach is fearr, d'fhonn impleachtaí seandálaíochta a aithint chun críche an próiseas roghnaithe bealaigh a mhúnlú.

8. Sonrú ar fhormáid agus chaighdeáin na dtuairiscí nach foláir a thabhairt isteach.

9. Socrú le haghaidh athbhreithniú cleachtas agus ceangaltas a bhaineann le hullmhú na dtuairiscí iar-thochailte.



## Aguisín 1

Ról an tSeandálaí Tionscadail ar Scéimeanna Líonra BSL

Aontaíonn Líonraí BSL, mar chuid den Chód Cleachtais, go gceapfaidh Líonraí BSL seandálaí tionscadail ar na scéimeanna BSL atá faoi réir Mheasúnú Tionchair Chomhshaoil (MTC) reachtúil.

Maidir leis an seandálaí tionscadail:

1. Beidh sé/sí fostaithe ag Líonraí BSL.

2. Oibreoidh sé/sí go dlúth leis na comhairleoirí innealtóireachta ag na céimeanna pleanála tosaigh den líonra dáilte, d'fhonn féachaint le roghnú bealaigh a mhúnlú, agus leis an tionchar ar shuíomhanna seandálaíochta aitheanta nó ar limistéir de chumas seandálaíochta seanbhunaithe a íoslaghdú.

3. Ullmhóidh sé/sí an tsonraíocht don seandálaí comhairleach ag an gcéim MTC agus cinnteoidh sé/sí go gcloíonn gach obair ullmhúcháin seandálaíochta (staidéar deisce/siúl allamuigh, trinseáil tástála, grianghrafadóireacht ón aer agus suirbhéanna geoifisiceacha más gá, srl.) don MTC leis an gcleachtas is fearr.

4. Cinnteoidh sé/sí go gcloíonn moltaí MTC agus maolaithe leis an gcleachtas agus na beartais is fearr de réir na Roinne féin.

5. Beidh sé/sí freagrach as a chinntiú go mbíonn na hiarratais ar cheadúnais thochailte agus na hiarratais ar thoiliú aireachta in ord sula gcuirtear faoi bhráid na Roinne iad.

Caithfear an séadchomhartha náisiúnta lena mbaineann a aithint ina iomláine san iarratas ar thoiliú aireachta, agus caithfear tuairisc iomlán ar na hoibreacha molta a chuimsiú leis. Caithfear ráiteas modha a chur san áireamh leis an iarratas má theastaíonn tochailt seandálaíochta. Is ann sa ráiteas modha a shonrófar an chaoi ina ndéanfar na tochailtí agus freisin na hamscálaí do chríochnú thaifeadadh na suíomhanna.

6. Beidh sé/sí freagrach as maoirsiú a dhéanamh ar fheidhmiú na dtochailtí seandálaíochta lena chinntiú go ndéantar an obair de réir na ráiteas modha comhaontaithe agus laistigh de na hamscálaí comhaontaithe.

7. Ní mór dó/di aon athrú molta do ráitis mhodha a chur faoi bhráid na Roinne lena cheadú.

8. Beidh air/uirthi a chinntiú go ndéantar maolú seandálaíochta agus tochailtí seandálaíochta ar chaighdeán atá inghlactha don Aire.

9. Déanfaidh sé/sí gach costas seandálaíochta a dheimhniú.

10. Beidh air/uirthi fógra a thabhairt don Roinn nuair a chríochnófar an tochailt.

11. Beidh air/uirthi a chinntiú go mbíonn cineál agus cáilíocht gach tuairisce tochailte de chaighdeán ar inghlactha leis an Aire é, agus go gcuirtear isteach iad laistigh den tráthchlár comhaontaithe.

## Aguisín II

An caidreamh idir an Seandálaí Tionscadail agus an Seandálaí Comhairleach fad is atá na Tochailtí Seandálaíochta ar Bun

1. Is ar an seandálaí tionscadail agus an seandálaí comhairleach araon a bheidh an fhreagracht as a chinntiú go dtaifeadtar na suíomhanna ina ndéantar tochailt ar chaighdeán ar inghlactha don Aire é agus ar bhealach a bheidh comhsheasmhach le cumas éigeandála na dtochailtí. Is é/í an seandálaí tionscadail a sholáthróidh tuairiscí dul chun cinn tréimhsiúla i leith an chláir sheandálaíochta don Roinn. Rachaidh an seandálaí tionscadail i gcomhthadhaill leis an seandálaí comhairleach lena chinntiú go gcuirtear tuairiscí iomchuí faoi bhráid na Roinne de réir choinníollacha an cheadúnais/toilithe ón aire. Is trí mheán an tseandálaí tionscadail a chuirfear isteach na tuairiscí sin chuig an Roinn.

2. Dá n-éireodh aighneas idir an seandálaí comhairleach agus an seandálaí tionscadail maidir le cur i gcrích na dtochailtí is amhlaidh a chuirfear ar aghaidh an cás chuig an Roinn le teacht ar chinneadh. Bítear ag súil go gcloífidh na seandálaithe comhairleacha le treoracha an tseandálaí tionscadail, agus níor cheart achomhairc a thabhairt go dtí an Roinn ach amháin sa chás go mbíonn forais mhóra imní ag an gcomhairleoir nach bhfuiltear ag sásamh caighdeán inghlactha tochailte nó taifeadta. Luíonn freagracht as bainistiú an chláir sheandálaíochta chomhaontaithe ar an seandálaí tionscadail agus ní bheidh an Roinn ag súil le

bheith páirteach i gcúrsaí laethúla. Is féidir an ceadúnas/toiliú ón aire a tharraingt siar sa chás go mainníonn ar an seandálaí cloí leis an ráiteas modha nó le treoracha bailí ón seandálaí tionscadail.